Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 32

# Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar fhóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €76.222 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

***Aistriú feidhmeanna***

Ullmhaíodh an cuntas de réir na *Meastachán Athbhreithnithe Breise do Sheirbhísí Poiblí 2020* inar cuireadh san áireamh an t-athrú ar theideal na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le héifeacht ón 10 Samhain 2020 (I.R. Uimh. 519 de 2020).

Cuireadh san áireamh freisin sna *Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise* an t-aistriú feidhmeanna áirithe riaracháin agus aireachta ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (I.R Uimh. 381 de 2020). Bhí an t-aistriú feidhmeanna sin comhdhéanta díobh seo

- bainistíocht agus cathaoirleacht a dhéanamh ar an gComhairle Trádála Easpórtála (ar a dtugtaí an Chomhairle Trádála Eachtraí roimhe seo)
- comhchoimisiúin eacnamaíocha a thionól, a bhainistiú, agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu, agus
- comhchoimisiúin eacnamaíocha nua a fhorbairt, nuair is iomchuí.

Ina theannta sin, cuireadh san áireamh sna *Meastacháin Athbhreithnithe Breise* an t-aistriú feidhmeanna áirithe riaracháin agus aireachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (I.R. Uimh. 438 de 2020). Bhí an t-aistriú feidhmeanna sin comhdhéanta díobh seo

- freagracht as beartas ceart fostaíochta áirithe
- feidhmeanna áirithe a bhaineann leis an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí
- freagracht as an gCoimisiún um Pá Íseal (a rúnaíocht san áireamh).

Maidir leis na feidhmeanna a aistríodh chuig an Roinn, aistríodh trí phost ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus aistríodh 15 phost ón Roinn agus Coimirce Sóisialaí, lena n-áirítear Rúnaíocht an Choimisiúin um Pá Íseal.

De réir na socruithe cuntasaíochta atá leagtha amach ag an Rannóg Cuntasaíochta Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, léirítear sna *Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise do 2020* an t-aistriú feidhmeanna ar bhonn bliana iomláine. Léiríonn an cuntas leithreasa, a chaithfidh foirm agus formáid an mheastacháin ábhartha a leanúint, na haistrithe feidhmeanna thuas ar bhonn bliana iomláine.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánaithe chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Luacháil ar shócmhainní caipitil***

Mar a fhoráiltear dó i gciorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Roinn maidir le caipitliú a sócmhainní caipitil.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní a dhímheas go bliantúil ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach mheasta, ag tosú le dímheas bliana iomláine a ghearrtar i mbliain an cheannaigh, agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm s a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte as seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a phleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Comhlíonadh soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas I gcás ocht gconradh (ar mó a luach ná €25,000), arbh fhiú €461,652 iad (gan CBL san áireamh). Tá na sonraí ina leith leagtha amach thíos:

- Bhain conradh amháin dar luach €30,500 le ceadúnas úsáideora Éirchód a sholáthar. Níl i ndáiríre ach dhá dhíoltóir le haghaidh ceadúnais den sórt sin agus ba é an conradh a rinneadh an conradh ba lú costas a bhí ar fáil.

- Bhain an dara conradh, dar luach €56,007, le stóráil comhad as an láithreán a sholáthar le haghaidh thaifid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO). Sular cuireadh deireadh leis an gconradh a bhí ann, thug CRO faoi chleachtadh soláthair le haghaidh áiseanna stórála agus bhí conradh athsholáthair i bhfeidhm aige le soláthraí nua a bhí le tosú an 13 Márta 2020. D'éiligh an t-aistriú chuig an gconradh nua láimhseáil fhisiciúil 22,500 bosca taifead thar thréimhse ocht mí. I bhfianaise theacht Covid-19 agus na rioscaí bunúsacha sláinte a bhaineann le líon na dtaifead sin a láimhseáil de láimh, bhí CRO ag iarraidh gan an t-aistriú a thosú go dtí go mbeadh sé sásta go bhféadfaí é a chur i gcrích gan cur isteach. Sna himthosca agus san idirlinn go dtí go mbeadh sé sábháilte aistriú chuig an soláthraí nua, lean CRO ag úsáid sheirbhísí an chonraitheora a bhí ann cheana ar bhonn na dtéarmaí agus coinníollacha céanna a bhí i gceist leis an gconradh a bhí ann cheana.
- Sa tríú conradh, dar luach €124,231, ceannaíodh soláthar ríomhairí glúine a theastaigh chun tacú le baill foirne atá ag obair ón mbaile mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19. Mar gheall ar an ngá práinneach le baill foirne a éascú maidir le hobair chianda mar fhreagairt don phaindéim, go háirithe i gcomhthéacs na fála teoranta agus neamhchinnteacht na dtréimhsí ama seachadta, níorbh fhéidir cleachtadh soláthair a dhéanamh de réir na dtreoirlínte. Is deimhin liom gur ar aon dul le noirm phraghsála an tionscail a bhí na costais a bhí i gceist.
- Bhain ceathrú conradh, de luach €26,220, le spásanna páirceála a sholáthar chun cosaint a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht na mball foirne den roinn a bhí, i dtús na paindéime, ag freastal ar a stáisiúin oibre. Cuireadh deireadh leis an socrú sin nuair a deimhníodh an dianghlasáil agus bhí obair chianda leabaithe ar fud na Roinne. Cé nár cheadaigh dinimic theacht na paindéime cleachtadh soláthair de réir na dtreoirlínte, fuarthas trí luachan sula ndeachthas isteach sa chonradh.
- Bhain an cúigiú conradh, dar luach €39,256, le ceannach éigeandála gléasanna rochtana dírí chun tacú le baill foirne a bhí ag obair go cianda. Mar gheall ar theacht na paindéime gan choinne, ní raibh sé indéanta cleachtadh soláthair a dhéanamh de réir na dtreoirlínte. Is deimhin liom gur ar aon dul le noirm phraghsála an tionscail a bhí na costais a bhí i gceist.
- Sa séú conradh, dar luach €32,827, ceannaíodh seirbhísí aistriúcháin a theastaíonn ó chomhlachtaí caidrimh tionscail na Roinne. Tá na comhlachtaí lena mbaineann i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) le tamall anuas maidir le roghanna iomaíocha soláthair do sheirbhísí aistriúcháin a iniúchadh i bhfianaise an mhéadaithe ar an ngá atá leis na seirbhísí sin le déanaí. Bhí súil ag OGP roimhe seo go mbeadh creat leithleach seirbhísí aistriúcháin soláthair i bhfeidhm le linn 2020. Ar an drochuair, ní raibh sé sin indéanta. Go deimhin, thug an OGP le fios le déanaí nach mbeadh creat den sórt sin á chur i bhfeidhm aige anois. Dá réir sin, rachaidh comhlachtaí caidrimh tionscail na Roinne ar aghaidh anois chun a soláthar féin a dhéanamh le haghaidh seirbhísí den sórt sin. Chuige sin, meastar go mbeidh conradh nua i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2021.
- Bhain an seachtú conradh agus an t-ochtú conradh, dar luach €132,611 agus €20,000 faoi seach, le comhairle dlí a sholáthar ó sholáthraí áirithe maidir le dhá thionscnamh ar leith a bhí á bhforbairt ag an Roinn mar chuid de na tacaí do ghnólachtaí a raibh tionchar ag an bpaindéim orthu. I bhfianaise theacht dinimiciúil na paindéime, níorbh fhéidir cleachtaí soláthair a dhéanamh maidir leis na conarthaí sin de réir na dtreoirlínte.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40 de 2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na daoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

Rinneadh measúnuithe ar thionchar phaindéim Covid-19 ar fud aonaid ghnó éagsúla na Roinne agus a hOifigí. Áiríodh leo sin measúnuithe riosca maidir le tionchair fhéideartha ar rialuithe inmheánacha, rialuithe airgeadais, rialuithe TFC, oiliúint foirne, an cumas chun oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, sláinte agus sábháilteacht, folláine foirne, cumarsáid agus teagmháil le cliaint, i measc nithe eile. Cuireadh athruithe iomchuí ar chleachtais agus rialú nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go leanfaí le sláine thimpeallacht rialaithe na Roinne a choinneáil sa timpeallacht oibre nua agus gur lean an Roinn agus a hOifigí ag soláthar seirbhíse iomláine dá cliaint.

Maidir le rialuithe TF go sonrach, bhí tromlach fhoireann na Roinne agus a hOifigí ag obair go cianda don chuid is mó den bhliain mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19. Cuireadh gléasanna cianrochtana ar fáil don fhoireann chun ligean dóibh déanamh amhlaidh. Maidir le rialuithe, tá na gléasanna cianrochtana seo go léir ar an líonra. Ceanglaíonn siad go díreach leis an Roinn trí thollán slán 'rochtana dírí'. Cuireadh gach ball foirne, ar sannadh cearta cianrochtana dó, ar an eolas faoi iompraíocht chuí oibre cianda, lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann leis an scáileán a ghlasáil ar ghléasanna gan aire, dea-phrótacail pasfhocal, cad atá le déanamh i gcás go gcaillfear gléas nó go ngoidfear é, i measc nithe eile.

Maidir le rialuithe airgeadais, cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun próiseáil leictreonach íocaíochtaí ag an Roinn agus admhálacha a chumasú. Leanann nósanna imeachta rialaithe airgeadais lena chinntiú go mbeadh deighilt iomchuí dualgas ann agus go leanfadh na córais bhainistíochta agus rialaithe éagsúla ag feidhmiú ar fud na Roinne. Leanadh le tuarascálacha caiteachais agus airgeadais rialta a sholáthar do lucht bainistíochta na Roinne agus do Bhoird Bhainistíochta Aireachta.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

D'íoc an Roinn €27,007 san iomlán i leith úis agus cúitimh a bhí dlite faoin reachtaíocht um íoc pras cuntas in 2020. Áiríodh leis sin íocaíocht €21,248 i leith sonrasc aonair nuair a cuireadh moill shuntasach ar íocaíocht a dhéanamh leis an soláthraí. D'iarr mé ar Cheann Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne athbhreithniú a dhéanamh ar na cúinsí ba chúis leis an gcás sin agus tuarascáil a sholáthar ar an ábhar. Aimsíodh sa tuarascáil gur cás eisceachtúil é an cás a bhí i gceist agus nár léirigh sé fadhb neamhchomhlíonta sa Roinn. Áiríodh leis an tuarascáil roinnt moltaí chun na rialuithe inmheánacha atá ann cheana a fheabhsú agus conas a d'fhéadfaí na rialuithe sin a chur in iúl a thuilleadh ar fud na Roinne. Chuir mé na socruithe riachtanacha i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear na moltaí seo i bhfeidhm.

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

**An Dr Orlaigh Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

16 Meán Fómhair 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an Roinn Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, tá cur síos déanta orthu sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

### *Scéimeanna deontas atosaithe*

I gCaibidil 6 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, scrúdaítear na rialuithe a bhí i bhfeidhm ag an Roinn ar an scéim deontas atosaithe agus an scéim deontas atosaithe plus a bhain le paindéim Covid-19. Muirearaíodh an caiteachas ar na scéimeanna sin ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Meán Fómhair 2021

# Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Forbairt post agus fiontar | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 1,395,191 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 32,500 | | | |
| | | | 1,427,691 | 1,273,470 | 439,362 |
| B | Nuálaíocht | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 422,024 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 9,650 | | | |
| | | | 431,674 | 413,743 | 411,206 |
| C | Rialáil | | 90,662 | 77,465 | 78,700 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 1,907,877 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 42,150 | | | |
| | | | **1,950,027** | **1,764,678** | **929,268** |
| | *Lúide* | | | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **52,708** | **49,781** | **58,977** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 1,855,169 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 42,150 | | | |
| | | | **1,897,319** | **1,714,897** | **870,291** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a sholáthraítear thar an nglansuim a chuirtear i bhfeidhm le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir aon chuid ar bith de na leithreasaí nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dar gcionn. Tugadh €106.2 milliún de leithdháiltí nár caitheadh i leith ghnéithe caipitil Fhotheideal A.5, A.7, A.8, A.14, A.16, B.4 agus B.5 ar aghaidh go dtí 2021.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 182,421,683 | 54,274,812 |
| Géilleadh iarchurtha | (106,200,000) | (42,150,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **76,221,683** | **12,124,812** |

**An Dr Orlaigh Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costais an chláir | | 1,727,733 | 893,271 |
| Pá | | 28,838 | 27,262 |
| Neamhphá | | 8,107 | 8,735 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,764,678** | **929,268** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **49,781** | **58,977** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,714,897** | **870,291** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (2,096) | | |
| Dímheas | 1,943 | (153) | 21 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,626) | | |
| Méadú ar stoc | (45) | (1,671) | (102) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **1,713,073** | **870,210** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgead tirim) (nóta 1.1) | | 24,854 | 23,779 |
| Measchíosanna (neamhairgead tirim) | | 2,847 | 2,847 |
| **Glanchostas an chláir** | | **1,740,774** | **896,836** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 32 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 63 | 96 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor | 20,029 | 19,432 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,082 | 3,814 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 113 | 102 |
| Vóta 20 | Garda Síochána | 208 | — |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 359 | 335 |
| | | **24,854** | **23,779** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 7,655 | 7,502 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 117,795 | 47,246 |
| Stoic | 2.2 | 244 | 199 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 1,004 | 862 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,556 | 1,764 |
| Ioncam fabhraithe | | 551 | 520 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **121,150** | **50,591** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 939 | 762 |
| Ioncam iarchurtha | | 2,326 | 4,306 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 5,169 | 4,430 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.5 | 113,630 | 43,678 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **122,064** | **53,176** |
| **Glansócmhainní reatha** | | (914) | (2,585) |
| **Glansócmhainní** | | **6,741** | **4,917** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.6 | **6,741** | **4,917** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 33,378 | 3,224 | 2,787 | 39,389 |
| Breiseanna | 1,344 | 26 | 726 | 2,096 |
| A tugadh in úsáid sa bhliain | 3,488 | — | (3,488) | — |
| Diúscairtí | (2) | (25) | — | (27) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 38,208 | 3,225 | 25 | 41,458 |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 29,120 | 2,767 | — | 31,887 |
| Dímheas don bhliain | 1,868 | 75 | — | 1,943 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (2) | (25) | — | (27) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 30,986 | 2,817 | — | 33,803 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **7,222** | **408** | **25** | **7,655** |
| | | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 4,258 | 457 | 2,787 | 7,502 |

## 2.2 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 162 | 127 |
| Soláthairtí TF | 69 | 64 |
| Ábhair ghlantacháin | 13 | 8 |
| | **244** | **199** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Airleacain d'OOP | | 112 | 227 |
| Iarmhéideanna dochair Ilghnéitheacha | | 818 | 502 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe: | | | |
| Taisteal | 4 | | |
| Seirbhísí comhroinnte | 70 | | |
| | | 74 | 133 |
| | | **1,004** | **862** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 966 | 946 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 592 | 517 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 7 | 7 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 90 | 106 |
| Cáin bhreisluacha ar éadálacha laistigh d’AE | 52 | 79 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 182 | 179 |
| | 1,889 | 1,834 |
| | | |
| Sciar de tháillí athnuachana paitinne is iníoctha le hOifig Eorpach na bPaitinní | 1,806 | 1,720 |
| Íocaíochtaí foirne | 687 | 147 |
| Dliteanas pinsin fostóirí | 125 | 92 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 159 | 133 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha eile | 503 | 504 |
| | **5,169** | **4,430** |

## 2.5 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 76,222 | 12,125 |
| Géilleadh iarchurtha | 106,200 | 42,150 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (68,792) | (10,597) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **113,630** | **43,678** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 117,795 | 47,246 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 1,004 | 862 |
| | 118,799 | 48,108 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,889) | (1,834) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (3,280) | (2,596) |
| | (5,169) | (4,430) |
| | | |
| | **113,630** | **43,678** |

## 2.6 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 4,917 | 4,836 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,897,319 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (106,200) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (76,222) | | |
| Glanvóta | | | 1,714,897 | 870,291 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 24,854 | 23,779 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | | | 2,847 | 2,847 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (1,740,774) | (896,836) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **6,741** | **4,917** |

## 2.7 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda [a]**

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 185,523 | 190,494 |
| Cláir dheontais neamhchaipitil | 10,854 | 1,550 |
| Cláir dheontais chaipitil | 2,115,494 | 1,819,969 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **2,311,871** | **2,012,013** |

Nóta [a] Áirítear leis ceangaltais a mhaoineofar ó ioncam acmhainní dílse a ngineann comhlachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne é.

| **b) Cláir dheontais neamhchaipitil** | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 1,550 | 1,241 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (38,434) | (13,103) |
| Ceangaltais deontais nua | 51,695 | 13,494 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (3,957) | (82) |
| **Iarmhéid deiridh** | **10,854** | **1,550** |

| **c) Cláir dheontais chaipitil** | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 1,819,969 | 1,471,877 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (686,794) | (566,665) |
| Ceangaltais deontais nua | 1,121,402 | 995,310 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (139,083) | (80,553) |
| **Iarmhéid deiridh** | **2,115,494** | **1,819,969** |

**d) Mórthionscadail chaipitil**

Taispeántar thíos deontais chaipitil lena mbaineann caiteachas iomlán dar luach €10 milliún nó níos mó.

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchais shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchais shaolré an tionscadail 2019 [a] |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ceangaltais Ghníomhaireachta** | | | | | |
| GFT Éireann (A.5) | 23,726 | 7,432 | 92,330 | 123,488 | 92,326 |
| Fiontraíocht Éireann (A.7) | 352,997 | 28,290 | 151,755 | 533,042 | 486,703 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann (B.4) | 301,313 | 92,664 | 523,481 | 917,458 | 724,392 |
| Fiontraíocht Éireann (B.4) | 38,412 | 4,998 | 19,238 | 62,648 | 63,556 |
| **Ceangaltais na Roinne** | | | | | |
| Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) (B.5) | 101,180 | 548 | 62 | 101,790 | 101,790 |
| INTERREG (A.10) | 6,734 | 4,080 | 10,186 | 21,000 | 21,000 |
| Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (A.14) | 39,031 | 48,292 | 39,908 | 127,231 | 51,000 |
| | **863,393** | **186,304** | **836,960** | **1,886,657** | **1,540,767** |

Nóta [a] Ní áirítear leis tionscadail a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2019.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le haon cheangaltas mór i gcás gur athraigh an caiteachas ionchais iomlán faoi níos mó ná €500,000 i gcomparáid le 2019.

**GFT Éireann (A.5)**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €31 milliún*

Baineann an méadú go príomha le dhá thionscadal a ceadaíodh le haghaidh €32 mhilliún agus tionscadal amháin inar laghdaíodh an tsuim cheadaithe faoi €1 mhilliún.

**Fiontraíocht Éireann (A.7)**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €46 milliún*

Baineann an méadú go príomha le glanmhéadú €13 mhilliún ar luach an ghealltanais ar cheithre thionscadal agus le cúig thionscadal nua dar luach €33 mhilliún.

**Fondúireacht Eolaíochta Éireann (B.4)**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €193 milliún*

Baineann an méadú le cúig thionscadal ionad taighde nua le meáncheangaltas €38 milliún do gach tionscadal.

**Fiontraíocht Éireann (B.4)**

*Laghdú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €1 milliún*

Baineann an laghdú le tionscadal amháin inar laghdaíodh an méid ceadaithe faoi € 1 milliún.

**Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (A.14)**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €76 milliún*

Baineann an méadú le maoiniú breise a bheith á chur ar fáil don Scéim Caipitil Oibre €12 mhilliún agus € 64 mhilliún don Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí.

## 2.8 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana | 215 | 128 |

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

***Scéimeanna Ráthaíochta Creidmheasa***

Leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (CGS) a tháinig i bhfeidhm in 2012 agus a ndearnadh athbhreithniú uirthi in 2017, cuirtear ráthaíocht stáit tríd an Roinn ar fáil d'iasachtóirí creidiúnaithe 80% ar iasachtaí incháilithe nó bannaí feidhmíochta do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide inmharthana (FBManna).

Seoladh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19 (CCGS) i mí Mheán Fómhair 2020 chun cabhrú le gnóthais a raibh tionchar diúltach ag paindéim Covid-19 orthu. Soláthraíonn an CCGS ráthaíocht stáit de 80% d'iasachtóirí creidiúnaithe ar shaoráidí iasachta suas le huas-suim €2 billiún. Forbraíodh an Scéim de réir Chreat Sealadach Cúnaimh Stáit an Choimisiúin Eorpaigh agus tá sí ar fáil do FBManna, cuideachtaí beaga meánchaipitlithe (fiontair nach FBM iad ach a bhfuil níos lú ná 500 fostaí acu) agus príomhtháirgeoirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta.

I gcás an CGS agus an CCGS araon, íocann an Stát (an 'ráthóir') an ráthaíocht leis an iasachtóir ar an bpríomh-iarmhéid gan íoc ar shaoráid scéime i gcás go mainneoidh iasachtaí ar aisíocaíochtaí na saoráide scéime.

An 31 Nollaig 2020, clúdaíodh leis an dá scéim €113 mhilliún san iomlán in iasachtaí gan íoc (2019: €30.2 milliún). B'ionann neamhchosaint uasta iomlán na Roinne maidir le hiasachtaí gan íoc an 31 Nollaig 2020 agus €80.067 milliún (2019: €5.147 milliún).

Ceanglaítear ar ghnóthais a bhaineann leas as an CGS nó an CCGS préimh bheag a íoc leis an Roinn. Íoctar éilimh i gcoinne na ráthaíochta le hiasachtóirí rannpháirteacha ó fhotheideal A.9. Íoctar íocaíochtaí le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) chun an scéim a oibriú as an bhfotheideal seo freisin.

Tá achoimre ar fháltais agus íocaíochtaí a bhaineann leis an scéim sin leagtha amach thíos.

| | | 2020 | | 2012-2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | | €000 |
| Fáltais i ndáil le préimheanna a d'íoc FBManna | | 179 | | 2,714 |
| Caiteachas scéime: | | | | |
| Riarachán scéime | (885) | | (3,324) | |
| Éilimh a íocadh | (90) | | (835) | |
| Costas iomlán na scéime | | (975) | | (4,159) |
| **Glanchostas na scéime** | | **(796)** | | **(1,445)** |

***Dliteanais theagmhasacha eile***

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 33,480 | 28,838 | 27,262 |
| ii | Taisteal agus cothú | 875 | 338 | 889 |
| iii | Foghlaim agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,543 | 1,461 | 1,628 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 311 | 294 | 370 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,088 | 4,352 | 4,099 |
| vi | Costais áitribh oifige | 834 | 613 | 771 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 1,280 | 889 | 755 |
| viii | Acmhainní fógraíochta agus faisnéise | 362 | 160 | 223 |
| | | **42,773** | **36,945** | **35,997** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Rinneadh caiteachas riaracháin a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €875,000; toradh €338,000*

Bhí an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar thaisteal intíre, AE agus idirnáisiúnta ó mhí an Mhárta i leith mar chúis le coigilt mhór ar chaiteachas réamh-mheasta taistil agus cothaithe mar thoradh ar.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €834,000; toradh €613,000*

Bhain an gannchaiteachas seo leis an tionchar a bhí ag Covid-19 ar éadáil bheartaithe troscáin agus ar oibreacha gaolmhara.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €1.28 milliún; toradh €889,000*

Níor leanadh ar aghaidh le roinnt tionscadal comhairleoireachta a ceadaíodh le haghaidh maoinithe in 2020 mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar mhoilleanna/cealuithe/athbheartú tosaíochta.

**viii Acmhainní fógraíochta agus faisnéise**

*Soláthar meastacháin €362,000; toradh €160,000*

D'eascair an gannchaiteachas go príomha mar gheall ar roinnt feachtais cumarsáide a tionóladh i mí na Nollag nach bhfuarthas sonraisc aontaithe ina leith go dtí tar éis dheireadh na bliana.

## Clár A Forbairt post agus fiontar

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | | **€000** |
| A.1 | Riarachán − pá | | 11,511 | 10,207 | | 9,468 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | 2,944 | 2,575 | | 2,776 |
| A.3 | Pinsin leagáide na Gníomhaireachta | | 41,040 | 39,250 | | 39,741 |
| A.4 | IdirThrádáil Éireann | | 12,692 | 12,724 | | 9,901 |
| A.5 | GFT Éireann | | 219,177 | 198,177 | | 199,470 |
| A.6 | NSAI - deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta | | 7,290 | 5,798 | | 5,854 |
| A.7 | Fiontraíocht Éireann | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 895,488 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 23,500 | | | | |
| | | | 918,988 | 844,487 | | 119,431 |
| A.8 | Forbairt fiontair áitiúil | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 97,481 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,000 | | | | |
| | | | 103,481 | 79,475 | | 37,931 |
| A.9 | Scéim shealadach ráthaíochta creidmheasa | | 1,000 | 975 | | 341 |
| A.10 | Maoiniú meaitseála do INTERREG | | 5,050 | 4,080 | | 4,277 |
| A.11 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | 2,160 | 2,460 | | 2,122 |
| A.12 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | | 201 | — | | — |
| A.13 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | 155 | 13 | | 13 |
| A.14 | Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | | 56,960 | 48,292 | | 8,031 |
| A.15 | Scéim faoisimh dhaonnúil | | 251 | 167 | | 6 |
| A.16 | Micrea-Airgeadas Éireann | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 41,791 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,000 | | | | |
| | | | 44,791 | 24,790 | | — |
| | | | **1,427,691** | **1,273,470** | | **439,362** |

**Difríochtaí suntasacha**

Léiríonn an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas i ndáil le Clár A agus €154.221 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús (géilleadh iarchurtha san áireamh). Bhí gannchaiteachas €1.673 milliún ann, a bhain le caiteachas riaracháin agus a míníodh cheana, agus bhí iarmhéid na difríochta, ar gannchaiteachas €152.548 milliún é, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

**A.5 GFT Éireann**

*Soláthar meastacháin €219.177 milliún; toradh €198.177 milliún*

Bhí an gannchaiteachas de €21 mhilliún ann go príomha mar gheall ar gannchaiteachas €18 milliún a bhain le Scéim Cúnaimh Shealadaigh Covid-19 do Tháirgí Leighis. Tacaíonn an scéim le taighde, forbairt agus táirgeadh a dhéanamh ar tháirgí leighis in Éirinn sa chomhrac i gcoinne phaindéim Covid-19. Bhí tionchar díreach ag éabhlóid na paindéime agus na freagartha gaolmhaire maidir le héilimh ar shláinte phoiblí, sonraí cliniciúla, dúshláin a bhaineann le rollú trialach, luas na gceaduithe rialála agus teacht chun cinn na n-athruithe ar chinntí infheistíochta agus ar uainiú. Mar thoradh ar na castachtaí gaolmhara sin, bhí astarraingt faoin scéim in 2020 níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Tharla an €3 mhilliún eile den ghannchaiteachas i gcaiteachas a bhaineann le maoin GFT mar thoradh ar dhúnadh láithreán tógála de bharr Covid-19.

**A.6 NSAI - deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta**

*Soláthar meastacháin €7.29 milliún; toradh €5.798 milliún*

Tharla an gannchaiteachas €1.492 milliún go príomha mar gheall ar mhoilleanna maidir le baill foirne breise a bhí ceadaithe don Údarás a earcú.

**A.7 Fiontraíocht Éireann**

*Soláthar meastacháin €918.988 milliún; toradh €844.487 milliún*

Áiríodh leis an ngannchaiteachas €74.5 milliún coigilteas €2.2 milliún sa chaiteachas reatha agus coigilteas €72.3 milliún ar chaiteachas caipitil. Maidir le caiteachas reatha, bhí coigilteas €1.7 milliún agus €1.5 milliún ann ar phá agus ar neamhphá faoi seach mar gheall go príomha ar mhoilleanna maidir le hacmhainní foirne breise a earcú chun cabhrú leo freagairt Fhiontraíocht Éireann do phaindéim Covid-19 agus mar gheall ar chaiteachas laghdaithe ar chláir neamhphá áirithe. Rinneadh na coigiltis sin a fhritháireamh go pointe áirithe le breis agus €1 mhilliún i gcaiteachas ar phinsin.

Maidir le caiteachas caipitil, fuair Fiontraíocht Éireann maoiniú breise suntasach thar a ghnáth-leithdháileadh caipitil chun cabhrú léi ina freagairt don Bhreatimeacht agus do phaindéim Covid-19. Lig sé sin di roinnt tacaí dírithe ar phaindéim Covid-19 agus an Breatimeacht a rolladh amach i dteannta a sraithe clár tacaíochta fiontar atá ann cheana. Is é nádúr na dtacaí sin ná go bhféadfadh moill ama a bheith ann idir iarratais/tionscadail a cheadú agus tionscadail den sórt sin a chríochnú agus a chur isteach le haghaidh íocaíochta. Ba í an éifeacht a bhí ag moill ama den sórt sin ná nár tarraingíodh thart ar €41 mhilliún den airgead caipitil a cuireadh ar fáil do na cláir thacaíochta fiontar sin faoi dheireadh na bliana.

Ghin Fiontraíocht Éireann ioncam breise acmhainní dílse (ORI) sa bhreis ar an tsuim a rabhthas ag súil léi, rud a chuir ar a cumas a ranníocaíocht lena clár caipitil a mhéadú faoi thart ar €31.3 milliún, rud a laghdaigh faoin tsuim sin an maoiniú a theastaíonn ón státchiste. Mar thoradh ar an €41 mhilliún thuasluaite d’airgead caipitil nár tarraingíodh agus an €31.3 milliún i ranníocaíochtaí breise ORI, bhí gannchaiteachas caipitil foriomlán €72.3 milliún ann.

**A.8 Forbairt fiontair áitiúil**

*Soláthar meastacháin €103.481 milliún; toradh €79.475 milliún*

Áiríodh leis an nganncaiteachas de €24 mhilliún coigilteas €1.3 milliún sa chaiteachas reatha agus coigilteas €22.7 milliún ar chaiteachas caipitil. Maidir le caiteachas reatha, leithdháileadh maoiniú breise chun cabhrú leis na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna) a gcuid acmhainní a neartú mar chuid dá bhfreagairt don Bhreatimeacht/do phaindéim Covid-19. Mar thoradh ar mhoilleanna ar na hacmhainní foirne agus na hacmhainní gaolmhara breise sin a earcú, caitheadh an caiteachas reatha €1.3 milliún. Maidir le caiteachas caipitil, soláthraíodh maoiniú suntasach breise freisin chun cabhrú leis na OFÁnna freagairt don Bhreatimeacht/do phaindéim Covid-19. Lig sé sin do na OFÁnna an maoiniú atá ar fáil faoi roinnt de na tacaí fiontar atá acu a mhéadú agus roinnt beart breise i leith an Bhreatimeachta/phaindéim Covid-19 a rolladh amach. Bhí tionchar ag státchabhair AE agus cúinsí gaolmhara ar an íostarraingt ar roinnt tacaí scoite OFÁ mar phríomhchúis leis an gcaiteachas caipitil €22.7 milliún.

**A.10 Maoiniú meaitseála do INTERREG**

*Soláthar meastacháin €5.05 milliún; toradh €4.08 milliún*

Tá sé deacair réamhaisnéis chruinn a dhéanamh ar chaiteachas faoi chlár INTERREG mar is clár ilbhliantúil é atá scaipthe thar sheacht mbliana. Chuaigh paindéim Covid-19 i bhfeidhm go mór ar chaiteachas in 2020, rud a chur isteach ar ghníomhaíocht agus ar íostarraingt an mhaoinithe. Mar sin féin, tá ceangaltas foriomlán ranníocaíochta RFTF thar na seacht mbliana den bhabhta reatha den chlár fós ag €21 mhilliún.

**A.11 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.**

*Soláthar meastacháin €2.16 milliún; toradh €2.46 milliún*

Tháinig méadú ar tháille bhallraíochta na hÉireann don Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO). Is amhlaidh sin go bunúsach de bharr go ríomhtar an táille ar bhonn sciar na hÉireann de luach iomlán na trádála, atá méadaithe, mar aon le ráta céatadáin níos airde de ranníocaíocht bhallraíochta a chur i bhfeidhm in 2020.

**A.12 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta**

*Soláthar meastacháin €201,000; toradh €nialas*

Baineann an soláthar seo go príomha le costais a bhaineann le Comhchoimisiúin Eacnamaíocha (JEC). Mar gheall ar phaindéim Covid-19, tá srianta ar thaisteal idirnáisiúnta fós i bhfeidhm ó mhí an Mhárta agus, mar thoradh air sin, níorbh fhéidir cruinnithe a sceidealú le comhpháirtithe JEC na hÉireann. Chuir easpa cruinnithe den sórt sin cosc ar iarratais ar mhaoiniú a fhoirmiú faoi leithdháileadh JEC dar luach €201,000 agus, mar thoradh air sin, níor íostarraingíodh aon mhaoiniú.

**A.13 Costais dlí agus seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €155,000; toradh €13,000*

Is bainistíocht stuama vótála é leibhéal éigin maoinithe theagmhasaigh a sholáthar i gcás go dtagann aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla sé, bhí leibhéal iarbhír an chaiteachais theagmhasaigh níos lú ná mar a measadh.

### A.14 Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

*Soláthar meastacháin €56.96 milliún; toradh €48.292 milliún*

Is iad na príomhiasachtaí de chuid Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) a dtacaítear leo faoin bhfotheideal seo ná an Scéim Caipitil Oibre agus an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí. Bhain an gannchaiteachas €8.668 milliún go príomha le coigilteas ar an Scéim Caipitil Oibre. Feidhmíonn an scéim seo i gcomhpháirtíocht idir an Roinn agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tacaíonn Saoráid Ráthaíochta FBManna InnovFin léi. Leithdháileadh maoiniú in 2020 ar an mbonn go méadódh sé suim na n-iasachtaí faoin scéim faoi €125 mhilliún, mar a cheadaigh an Rialtas. Pé scéal é, thug an Ciste Eorpach Infheistíochta (EIF) le fios nach raibh sé in ann ach suim bhreise €37.5 milliún a thabhairt in iasachtaí faoin scéim, in ionad na suime comhaontaithe €125 mhilliún. D'fhág an laghdú sin ar leibhéal na ráthaíochta ag EIF nach raibh ach €4 mhilliún den mhaoiniú €12.6 milliún a leithdháileadh ar an Scéim Caipitil Oibre ag teastáil in 2020.

### A.16 Micrea-Airgeadas Éireann

*Soláthar meastacháin €44.791 milliún; toradh €24.79 milliún*

Soláthraíonn Micrea-Airgeadas Éireann (MFI) maoiniú do mhicrifhiontair nach féidir leo iasachtaí a fháil ó sholáthraithe tráchtála. Tacaíonn an Roinn le MFI trí instealltaí caipitil tréimhsiúla ó vóta RTFT. Cuireadh maoiniú suntasach breise caipitil ar fáil do MFI in 2020 chun tacú leis an éileamh méadaithe a bhfuil súil leis ar a tháirgí iasachta de bharr phaindéim Covid-19 agus an Bhreatimeachta. Chonaic MFI borradh tosaigh san éileamh ar iasachtaí tar éis theacht phaindéim Covid-19. Le leasuithe reachtacha a rinneadh le linn 2020, méadaíodh an leibhéal caipitlithe a d'fhéadfadh an Roinn a sholáthar do MFI agus leathnaíodh cumhachtaí MFI chun iasachtaí a thabhairt. Chuir sé sin ar chumas MFI raon níos leithne tacaí a sholáthar do ghnóthais. Tar éis na leasuithe reachtacha a achtú, atosaíodh suim iarbhír na hiasachta a chuir MFI ar fáil ar ghnáthleibhéil agus, mar thoradh air sin, níor theastaigh an leibhéal iomlán maoinithe a leithdháileadh ar MFI.

## Clár B Nuálaíocht

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán − pá | | 8,574 | 7,806 | 7,290 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | | 2,644 | 2,207 | 2,443 |
| B.3 | Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann | | 3,133 | 3,069 | 3,165 |
| B.4 | An Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 330,565 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,425 | | | |
| | | | 336,990 | 332,490 | 326,034 |
| B.5 | Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 24,072 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 425 | | | |
| | | | 24,497 | 24,497 | 26,299 |
| B.6 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | 22,875 | 24,370 | 30,556 |
| B.7 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | | 1 | — | — |
| B.8 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | 160 | 4 | 4 |
| B.9 | Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 30,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,800 | | | |
| | | | 32,800 | 19,300 | 15,415 |
| | | | **431,674** | **413,743** | **411,206** |

**Difríochtaí suntasacha**

Léiríonn an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas i ndáil le Clár B agus €17.931 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús (géilleadh iarchurtha san áireamh). Bhí gannchaiteachas €1.205 milliún ann, a bhain le caiteachas riaracháin agus a míníodh cheana, agus bhí iarmhéid na difríochta, ar gannchaiteachas €16.726 milliún é, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

**B.6 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, srl.**

*Soláthar meastacháin €22.875 milliún; toradh €24.37 milliún*

D'eascair an farasbarr €1.495 milliún go príomha as suim bhreise €1.5 milliún a íocadh leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (ESA) as infheistíocht i dtrí chlár teicneolaíochta de chuid ESA chun dliteanais a chomhlíonadh maidir le conarthaí a tugadh do chuideachtaí Éireannacha.

**B.8 Costais dlí agus seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €160,000; toradh €4,000*

Is bainistíocht stuama vótála é leibhéal éigin maoinithe theagmhasaigh a sholáthar i gcás go dtagann aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla sé, bhí leibhéal iarbhír an chaiteachais theagmhasaigh i bhfad níos lú ná mar a measadh.

**B.9 Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha**

*Soláthar meastacháin €32.8 milliún; toradh €19.3 milliún*

Tacaíonn an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF) le comhoibrithe ar féidir leo an dóigh a bhfeidhmíonn gnó a athrú, táirgí nua a thabhairt isteach nó samhlacha nua gnó a chur chun cinn, i measc nithe eile. Tá na comhoibrithe faoin gCiste casta de réir a nádúir. I measc na dtionscadal a dtacaítear leo faoin gCiste tá 159 gcomhpháirtí tionscadail san iomlán lena mbaineann cuibhreannas de suas le 13 chomhpháirtí atá comhdhéanta de FBManna, cuideachtaí ilnáisiúnta agus eagraíochtaí déanta taighde, i measc nithe eile. D’fhág castachtaí idirspleáchais chuibhreannais tionscadail DTIF gur thóg sé níos mó ama ná mar a bhíothas ag súil leis chun idirbheartaíocht conarthaí a chur i gcrích. Dá bharr sin, níor cuireadh tús in 2020 le roinnt tionscadal a ceadaíodh. Ina theannta sin, bhí moill ar roinnt tionscadal ceadaithe breise a thosú de bharr thionchar phaindéim Covid-19.

## Clár C Rialáil

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán − pá | 13,395 | 10,825 | 10,504 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | 3,705 | 3,325 | 3,516 |
| C.3 | An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre | 19,299 | 15,949 | 18,066 |
| C.4 | Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleacha ceardchumainn - airgeadteoranta | 900 | 900 | 900 |
| C.5 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta | 20,502 | 18,122 | 19,297 |
| C.6 | Cónascadh ceardchumainn | 60 | 118 | — |
| C.7 | Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 6,057 | 4,306 | 4,300 |
| C.8 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 13,836 | 12,700 | 11,842 |
| C.9 | An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 246 | 144 | 408 |
| C.10 | Tacaíocht do thomhaltóirí | 70 | 70 | 67 |
| C.11 | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCumann Cairdiúil - deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta | 7,875 | 7,427 | 7,064 |
| C.12 | Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | 1,942 | 1,220 | 1,442 |
| C.13 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | 1,320 | 1,419 | 1,118 |
| C.14 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | 186 | 20 | 80 |
| C.15 | Costais dlí agus seirbhísí eile | 779 | 346 | 96 |
| C.16 | An Coimisiún um Pá Íseal | 490 | 574 | — |
| | | **90,662** | **77,465** | **78,700** |

**Difríochtaí suntasacha**

Léiríonn an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas i ndáil le Clár C agus €13.197 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí gannchaiteachas €2.95 milliún ann, a bhain le caiteachas riaracháin agus a míníodh cheana, agus bhí iarmhéid na difríochta, ar gannchaiteachas €10.247 milliún é, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

**C.3 An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre**

*Soláthar meastacháin €19.299 milliún; toradh €15.949 milliún*

Bhí an gannchaiteachas €3.35 milliún mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear na nithe seo a leanas.

- gannchaiteachas i ndáil leis an aoisliúntas agus pinsin le haghaidh comhaltaí den Chúirt Oibreachais mar gheall ar sholáthar a rinneadh do phinsin agus aiscí a íoc i leith comhalta a bhí incháilithe le haghaidh dul ar scor ach nár roghnaigh dul ar scor in 2020
- gannchaiteachas ag an gCúirt Oibreachais mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le paindéim Covid-19, mar shampla, ní raibh aon chostas taistil agus cothaithe ann chun freastal ar éisteachtaí cúirte sna réigiúin, ní raibh aon chostas cíosa seomra ann, bhí laghduithe ann ar chostais aistriúcháin agus ateangairí agus bhí laghdú ann ar chaiteachas san iomlán
- gannchaiteachas sa Bhinse Achomhairc Fostaíochta (EAT) toisc nach bhféadfaí éisteachtaí a reáchtáil mar gheall ar shrianta phaindéim Covid-19 agus, mar thoradh air sin, ní raibh aon chostais taistil agus cothaithe ná aon chostais cíosa seomra ann
- gannchaitheamh i gcaiteachas pá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre mar gheall ar mhoilleanna ar roinnt folúntas a líonadh, gannchaiteamh i gcaiteachas neamhphá mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le paindéim Covid-19, amhail bogadh chuig cigireachtaí deisce ar bheagán costais taistil agus cothaithe nó gan aon chostas taistil agus laghdú iarmhartach ar chostais choimhdeacha.

**C.5 An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - deontas le haghaidh costas riaracháin agus ginearálta**

*Soláthar meastacháin €20.502 milliún; toradh €18.122 milliún*

D'eascair an gannchaiteachas €2.38 milliún ar leithdháileadh an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) as tionchar phaindéim Covid-19 go príomha. Bhí coigilteas pá €980,000 ann mar thoradh ar mhoill ar fholúntais a líonadh. Mar thoradh ar laghdú san éileamh ar chruinnithe, cumarsáid, seirbhísí dlí, cóiríocht agus taisteal agus cothú, bhí coigilteas neamhphá €1.4 milliún ann.

**C.7 Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

*Soláthar meastacháin €6.057 milliún; toradh €4.306 milliún*

Bhí an gannchaiteachas €1.751 milliún comhdhéanta de choigilteas €1.449 milliún ar phá agus €302,000 ar neamhphá. D'eascair an gannchaiteachas pá €1.449 milliún as folúntais a tháinig chun cinn le linn na bliana chomh maith le moilleanna ar bhaill foirne nua a earcú. Bhí an gannchaiteachas neamhphá €302,000 mar thoradh ar sholáthar a rabhthas ag súil leis agus nár leanadh ar aghaidh in 2020.

**C.8 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí**

*Soláthar meastacháin €13.836 milliún; toradh €12.7 milliún*

Áiríodh leis an ngannchaiteachas €1.136 milliún coigilteas €1.44 milliún ar phá mar gheall ar mhoilleanna ar fholúntais a líonadh agus roinnt ball foirne ar iasacht a bheith ag filleadh ar a máthairchomhlacht. Rinneadh an gannchaiteachas sin a fhritháireamh go pointe áirithe le farasbarr €300,000 i gcaiteachas ar chostais riaracháin neamhphá, a bhí go príomha mar gheall ar chumarsáid a bhain leis an mBreatimeacht, nuashonruithe TFC, ullmhúchán le haghaidh dlíthíochta agus staidéar margaidh gan choinne.

**C.9 An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta**

*Soláthar meastacháin €246,000; toradh €144,000*

Bhí an gannchaiteachas €102,000 mar gheall nár íocadh aon chnapshuimeanna scoir in 2020 seachas an dá cheann ar foráladh dóibh.

**C.11 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCumann Cairdiúil**

*Soláthar meastacháin €7.875 milliún; toradh €7.427 milliún*

Ba é coigilteas neamhphá ba chúis leis an ngannchaiteachas go príomha. Baineadh coigilteas amach as barainneachtaí i réimsí áirithe, lena n-áirítear cothabháil, solas agus téamh, troscán agus costais feistithe, seirbhísí poist agus priontála chomh maith le roinnt tionscadal riaracháin a chur siar. Rinneadh na coigiltis sin a fhritháireamh le caiteachas breise ar chostais TF agus teileachumarsáide. Baineadh amach coigilteas neamhphá iomlán €498,000 in 2020. Rinneadh na coigiltis neamhphá a fhritháireamh go pointe áirithe le caiteachas breise €50,000 ar phá.

**C.12 Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €1.942 milliún; toradh €1.22 milliún*

D'eascair an gannchaiteachas €722,000 go príomha as moilleanna ar roinnt ball foirne a earcú don údarás. Ag deireadh na bliana, bhí 30 ball foirne fostaithe ag an Údarás. Ba é 36 bhall foirne a líon foirne.

**C.14 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta**

*Soláthar meastacháin €186,000; toradh €20,000*

Áiríodh leis an ngannchaiteachas €166,000.

- gannchaiteachas €86,000 ar chaiteachas ar an nGrúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí mar gheall ar na cruinnithe go léir a bheith á reáchtáil go cianda ó mhí an Mhárta i leith, agus sábháladh costais cruinnithe dá bharr agus bhí post taighde dlí fós folamh don bhliain
- Coigiltis ilghnéitheacha €80,000 i leith caiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ag Comhchoistí Oibreachais, Grúpa Rialála Gnó, Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí Díolacháin, an Tionscnamh um Thodhchaí na hOibre agus Fiosrúcháin um Dhlí na gCuideachtaí.

**C.15 Costais dlí agus seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €779,000; toradh €346,000*

Is bainistíocht stuama vótála é leibhéal éigin maoinithe theagmhasaigh a sholáthar i gcás go dtagann aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla sé, bhí leibhéal iarbhír an chaiteachais theagmhasaigh i bhfad níos lú ná mar a measadh.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Cearta fostaíochta agus caidreamh tionscail** | | | | |
| 1 | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 100 | 67 | 162 |
| 2 | Táillí ceada fostaíochta | 11,000 | 11,662 | 13,517 |
| 3 | Ceadúnais ghníomhaireachta fostaíochta | 355 | 374 | 411 |
| 4 | Fógraí pionóis sheasta WRC | 22 | 3 | 6 |
| 5 | Costais dámhachtana cúirte WRC | 20 | 27 | 26 |
| **Árachas agus dlí na gcuideachtaí** | | | | |
| 6 | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 16,200 | 12,882 | 17,559 |
| 7 | Clárlann na gCumann Cairdiúil | 50 | 28 | 46 |
| 8 | Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar chumainn thionsclaíocha agus choigiltis | 50 | 32 | 8 |
| **Trádáil, iomaíocht agus cearta margaidh** | | | | |
| 9 | Fáltais faoi Acht na dTrádmharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní 1964 | 9,000 | 9,842 | 9,873 |
| 10 | Ceadúnais trádála ócáideacha | 1 | — | — |
| 11 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 508 | 436 | 523 |
| 12 | Fógraí cumaisc | 320 | 336 | 376 |
| **Eile** | | | | |
| 13 | ODCE: dlíthiúil | 50 | — | 1 |
| 14 | Ilghnéitheach | 84 | 581 | 326 |
| 15 | Beartas fiontar [a] | 5,545 | 4,120 | 5,764 |
| 16 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí [b] | 1,500 | 1,555 | 1,884 |
| 17 | Aoisliúntas PIAB | 1,168 | 1,152 | 1,129 |
| 18 | Aoisliúntas HSA | — | 98 | — |
| 19 | Scéim Ráthaíochta Iasachta Sealadaí | 408 | 179 | 415 |
| 20 | An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 557 | 448 | 453 |
| 21 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 5,770 | 5,959 | 6,498 |
| | **Iomlán** | **52,708** | **49,781** | **58,977** |

Nótaí [a] Taispeántar sa bheartas Fiontar suimeanna a fuarthas ó ghníomhaireachtaí fiontar reatha agus roimhe seo maidir le ranníocaíochtaí pinsin foirne agus aisíocaíocht INTERREG-ERDF. Is iad na gníomhaireachtaí IdirThrádáil Éireann, GFT, FÉ, SFI agus iar-SFADCo.

[b] Tá fáltais faoin líne seo mar fhorchúiteamh páirteach ar an gcaiteachas faoi fhotheideal C.8.

**Difríochtaí suntasacha**

Léiríonn an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Bhí leithreasaí-i-gcabhair foriomlán €2.927 milliún níos ísle ná an meastachán. Tá mínithe ar dhifríochtaí leagtha amach thíos:

**2 Táillí ceada fostaíochta**

*Meastachán €11 milliún; réadaithe €11.662 milliún*

Bhí an farasbarr €662,000 i bhfáltais mar gheall ar éileamh láidir i gcónaí sa mhargadh saothair ar iarratasóirí a bhfuil na scileanna agus an taithí riachtanach acu chun stoc scileanna na hÉireann a fhorlíonadh.

**6 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí**

*Meastachán €16.2 milliún; réadaithe €12.882 milliún*

Bhí an t-easnamh €3.318 milliún go príomha mar gheall ar laghdú ar ioncam a gineadh ó tháillí comhdaithe déanacha. I bhfianaise thionchar phaindéim Covid-19 ar ghnóthais, chuir CRO cur i bhfeidhm táillí déanacha ar fionraí maidir leis na spriocdhátaí sin a thit le linn bhuaicphointe na 'dianghlasála'.

**9 Fáltais faoi Acht na dTrádmharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní, 1964**

*Meastachán €9 milliún; réadaithe €9.842 milliún*

Bhí an méadú €842,000 go príomha mar gheall ar ioncam ó tháillí ó athnuachan iarratas ar phaitinní Eorpacha a bheith níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis.

**14 Ilghnéitheach**

*Meastachán €84,000; réadaithe €581,000*

Mar gheall ar chineál na bhfáltas ilghnéitheach, tá sé deacair iad a mheas go cruinn in aon bhliain amháin. Bhain cuid shuntasach de na hadmhálacha (€472,000) le rannpháirtíocht Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann i roinnt gníomhaíochtaí agus clár comhoibrithe de chuid Oifig Eorpach na bPaitinní agus Oifig Maoine Intleachtúla na hEorpa.

**15 Beartas fiontar**

*Meastachán €5.545 milliún; réadaithe €4.12 milliún*

D'eascair an t-easnamh €1.425 milliún go príomha as laghdú ar aisíocaíochtaí ionchais caiteachais ar Chlár INTERREG agus fáltais ionchais pinsin ó roinnt gníomhaireachtaí fiontar reatha agus iarghníomhaireachtaí fiontar de chuid na Roinne. Maidir le clár INTERREG, bhí easnamh €1.12 milliún in aisíocaíochtaí ionchais ó ERDF. Bhí an t-easnamh sin mar thoradh díreach ar an gcaiteachas faoin gClár de bharr theacht phaindéim Covid-19, a laghdaigh suim na haisíocaíochta a d'fhéadfaí a fhorchúiteamh ó ERDF.

Bhain an €300,000 eile den easnamh le fáltais phinsin as roinnt gníomhaireachtaí reatha agus iarghníomhaireachtaí de chuid na Roinne a bheith níos lú ná an tsuim a measadh. Bhí cúiseanna éagsúla leis na laghduithe ar na fáltais sin, lena n-áirítear méadú ar líon na mball foirne a bhí ag imeacht/ag dul ar scor, agus baill foirne nua ag íoc ranníocaíochtaí go lárnach mar bhaill den Scéim Aonair, i measc nithe eile.

**19 An Scéim Ráthaíochta Iasachta Sealadaí**

*Meastachán €408,000; réadaithe €179,000*

Soláthraíonn an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa ráthaíocht le tacaíocht stáit ar iasachtaí faoin scéim. Ceanglaítear le hiasachtaí a thógtar faoin scéim go n-íoctar préimh bheag.

Tháinig an t-easnamh i bhfáltais in 2020 chun cinn ar dhá chúis:

- Tar éis thús phaindéim Covid-19, cinneadh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (CGS) nua a thabhairt isteach a bheadh ar fáil ar bhealach níos forleithne agus a thairgfeadh iasachtaí níos saoire. Bhain gnóthais leas as scéimeanna iasachta eile a fuair tacaíocht ón rialtas agus tacaí gnó níos leithne agus an scéim seo á forbairt. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar an éileamh ar an CGS traidisiúnta agus, dá bhrí sin, laghdaíodh préimheanna ar ghnó nua i ndáil leis an scéim. Fuarthas préimheanna go príomha maidir le hiasachtaí atá ann cheana.
- Forbraíodh CGS Covid-19 le hathrú oibríochtúil i mbailiú préimheanna. Seachas préimheanna a íoc le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) agus a chur ar ais chuig an Roinn ar bhonn míosúil, bailíonn iasachtóirí préimheanna go díreach óna gcustaiméirí agus cuireann siad ar aghaidh chuig SBCI iad ar bhonn ráithiúil. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le difríocht uainiúcháin idir bailiú agus cistí a chur ar ais chuig an Roinn. Seoladh CGS Covid-19 i mí Mheán Fómhair 2020, mar thoradh air sin, thosaigh an Roinn ag fáil préimheanna in 2021.

**20 An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí**

*Meastachán €557,000; réadaithe €448,000*

Cuireadh moill ar roinnt tionscadal ionchais de chuid an ghrúpa mar gheall ar Covid-19, a raibh caiteachas laghdaithe mar thoradh air agus laghdú dá bharr sin ar fhorchúiteamh speansas ón gCiste Náisiúnta Oiliúna.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Fiontar Áitiúil - reatha [a] | 1 | 131 |
| Fiontar Áitiúil - caipiteal [b] | 16 | — |
| An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) [c] | — | 9,000 |
| Fiontraíocht Éireann - ioncam breise acmhainní dílse[d] | 10,789 | — |
| Fiontraíocht Éireann - deontas Atosaithe 2020 neamhúsáidte a thabhairt ar ais[e] | 2,795 | — |
| Ilghnéitheach | 6 | — |
| A aistríodh chuig an Státchiste | (13,607) | (9,131) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

Nótaí

[a] Oifigí Fiontair Áitiúla - reatha: bhain sé seo le cistí neamhúsáidte i bhfotheideal A.8 le haghaidh pá agus neamhphá in 2019.

[b] Oifigí Fiontair Áitiúla - caipiteal: bhain sé seo le cistí neamhúsáidte i bhfotheideal A.8 do chláir chaipitil áirithe in 2019.

[c] Gineann PIAB a ioncam maoinithe ó tháillí a ghearrtar ar éilitheoirí agus ar fhreagraithe. De réir mholadh iniúchta, leagtar amach san Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú), 2019, an beartas cúlchistí ioncaim atá le leanúint ag PIAB. Leis an Acht, cuirtear oibleagáid ar PIAB airgead atá de bhreis ar a thairseach cúlchistí forordaithe a chur faoi bhráid an Aire chun leasa an Státchiste. Roimh an gcinneadh críochnaitheach ar thairseach cúlchistí ioncaim riachtanacha PIAB, cuireadh suim €9 milliún ar aghaidh chuig an Roinn mar aitheantas d’oibleagáid dhlíthiúil PIAB faoi Acht 2019.

[d] Fiontraíocht Éireann - ioncam breise acmhainní dílse: baineann sé seo le hioncam acmhainní dílse a ghineann Fiontraíocht Éireann de bhreis ar an tsuim a cheadaigh PER dá úsáid féin in 2020.

[e] Fiontraíocht Éireann - deontas Atosaithe 2020 neamhúsáidte a thabhairt ar ais: is ionann é seo agus maoiniú deontas Atosaithe 2020 nár úsáideadh a thabhairt ar ais d’Fhiontraíocht Éireann ó roinnt údarás áitiúil, a thug an t-airgead ar ais i bhfoirm fáltais bhreise ón Státchiste de réir an smachtbhanna PER.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | | |
| An Roinn agus Oifigí: | | |
| Roinn [a] | 508 | 475 |
| Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann | 45 | 42 |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | 180 | 174 |
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 37 | 35 |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 125 | 115 |
| An Chúirt Oibreachais | 35 | 31 |
| | **930** | **872** |
| Gníomhaireachtaí [b] | 1,772 | 1,615 |
| | **2,702** | **2,487** |

Nótaí [a] Áirítear leis foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Pá Íseal.

[b] Áirítear fostaithe an Bhoird um Measúnú Díobhálacha Pearsanta, ar gníomhaireacht stáit neamhthráchtála é nach bhfaigheann maoiniú ón Státchiste go díreach, seachas soláthar pinsin.

## 5.2 Pá - An Roinn, Oifigí agus Gníomhaireachtaí

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 172,050 | 164,724 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 870 | 2,467 |
| Liúntais eile | 2,561 | 3,450 |
| Ragobair | 230 | 896 |
| ÁSPC an Fhostóra | 13,642 | 11,764 |
| **Pá iomlán** | **189,353** | **183,301** |

Tagraíonn na socruithe luach saothair don ghné phá i bhFotheidil A.1, A.4, A.5, A.6, A.7, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7, C.8, C.11, C.12 agus C.16.

## 5.3 An Roinn

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá [a, b] | 46,553 | 44,865 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 622 | 671 |
| Liúntais eile | 1,129 | 750 |
| Ragobair | 133 | 342 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,431 | 3,186 |
| **Pá iomlán [c]** | **51,868** | **49,814** |

Nótaí

[a] Áirítear leis íocaíochtaí pinsin le 24 iarchomhalta den Chúirt Oibreachais den Údarás Iomaíochta nó den Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí (ar a dtugtar an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí anois).

[b] Ní áirítear leis táillí a íoctar le sealbhóirí oifige nach fostaithe de chuid na Roinne iad m.sh. moltóirí.

[c] Áirítear le pá iomlán pá riaracháin (A.1, B.1 agus C.1) agus na gnéithe pá d'Oifigí na Roinne (B.3, C.3, C.7, C.11 agus C.16). Tagraíonn an tsuim le haghaidh pá i Nóta 1 d'fhotheidil riaracháin amháin.

## 5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - baill foirne na Roinne

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 38 | 11 | 46,078 | 48,086 |
| Liúntais eile | 78 | 21 | 90,810 | 79,911 |
| Ragobair | 109 | — | 8,415 | 18,207 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 26 | 5 | 47,379 | 47,240 |

## 5.5 Gníomhaireachtaí

Is iad na gníomhaireachtaí atá ar áireamh anseo an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an tÚdarás Forbartha Tionscail, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta Éireann, IdirThrádáil Éireann, Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí agus, dá bhrí sin, níl faisnéis mhionsonraithe pá agus liúntais ag an Roinn maidir le foireann na gníomhaireachta. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus pá na bhfostaithe i leith ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla ábhartha/na tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 125,497 | 119,859 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 248 | 1,796 |
| Liúntais eile | 1,432 | 2,700 |
| Ragobair | 97 | 554 |
| ÁSPC an Fhostóra | 10,211 | 8,578 |
| **Pá iomlán** | **137,485** | **133,487** |

## 5.6 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - baill foirne Ghníomhaireachta

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2020** | **2019** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 53 | 8 | 52,389 | 44,212 |
| Liúntais eile | 266 | 21 | 28,702 | 31,462 |
| Ragobair | 56 | 2 | 23,214 | 27,803 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 6 | 1 | 9,951 | 16,757 |

## 5.7 Socruithe luach saothair eile

Cuireadh carr cuideachta ar fáil do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Fhiontraíocht Éireann.

Maidir le ceathrar státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse, athfhostaíodh iad ar bhonn táille ar chostas iomlán €78,587. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Sheirbhís Phoiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €82,032 i leith oifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn do 2020 agus ar íoc an Roinn a thuarastal.

## 5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 61 | 200,412 | 235,712 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 31 | 116,934 | 130,457[a] |

Aistríodh cúig phlean aisghabhála ró-íocaíochta i leith trí dhuine aonair ar luach €1,984 chuig trí roinn eile sa bhliain.

Nóta [a] Athdhearbhaíodh na figiúirí do 2019

## 5.9 Scaoilíocaíocht/iomarcaíocht

Le linn 2020, fuair triúr ball foirne scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta mar gheall ar athruithe Airí chuig an Roinn. B'ionann na híocaíochtaí sin agus €52,270 san iomlán.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ó AE

Fuair an Roinn agus na comhlachtaí seo a leanas faoi choimirce na Roinne cúnamh AE go díreach mar a thaispeántar thíos.

| Fotheideal | Cur Síos | 2020<br>Toradh<br>€000 | 2019<br>Toradh<br>€000 |
|---|---|---|---|
| A.4 | IdirThrádáil Éireann | 911 | 396 |
| A.10 | Maoiniú meaitseála do INTERREG | 880 | 2,215 |
| B.3 | Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann | 707 | 270 |
| B.4 | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 254 | 249 |
| B.4 | Fiontraíocht Éireann | 1,014 | 4,287 |
| C.5 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | 31 | 16 |
| | | **3,797** | **7,433** |

## 6.2 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an bhunaithe | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Buan/oscailte** | | | |
| Comhchoistí Saothair | 1946 | 6 | 17 |
| Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí | 2000 | 14 | 36 |
| Tionscnamh um Thodhchaí na hOibre | 2017 | — | 14 |
| Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí Díolacháin | 2009 | 1 | — |
| Coiste Iniúchóireachta na Roinne | 2004 | 2 | 3 |
| Grúpa Rialála Gnó | 2006 | — | 10 |
| | | **23** | **80** |

## 6.3 Cúiteamh agus costais dlí

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a d'íoc an Roinn** | **Costais dlí a dámhadh** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó fhostaithe ina coinne seo:** | | | | | | |
| An Roinn | 6 | — | — | 100 | 100 | 5 |
| **Éilimh ó bhaill an phobail ina gcoinne seo:** | | | | | | |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | 1 | 24 | — | — | 24 | — |
| An Chúirt Oibreachais | — | — | — | — | — | 15 |
| Ceadanna fostaíochta | 2 | — | 69 | — | 69 | 57 |
| | **9** | **24** | **69** | **100** | **193** | **77** |

## 6.4 Tobhach fostaíochta agus oiliúna

Cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna, a socraíodh ag 1% d'ioncam iomlán duine le roinnt eisceachtaí, le héifeacht ón 6 Aibreán 1999. Leanann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag fáil suimeanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla an tobhaigh. Bailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna agus íoctar é go míosúil leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Íoctar an t-airgead ar a seal leis an Státchiste.

Ráiteas faoi íocaíochtaí a rinneadh de réir alt 25(1) den Acht um Áiseanna Saothair 1987.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| A fuarthas ó na Coimisiúin Ioncaim | 33 | 26 |
| A íocadh isteach sa Státchiste | 32 | 26 |

## 6.5 Pionóis íocaíochta déanaí

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ús agus cúiteamh | **27** | **4** |

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta a cuireadh i láthair iad don Oireachtas.

| Ciste an Chomhlachta / na Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta a fuair an tAire / an Roinn é | An dáta a cuireadh i láthair don Oireachtas é |
|---|---:|---:|---:|---:|
| GFT Éireann | 2019 | 9 Meith. 2020 | 11 Meith. 2020 | 9 Iúil 2020 |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann | 2019 | 30 Meith. 2020 | 7 Iúil 2020 | 5 Lún 2020 |
| Fiontraíocht Éireann | 2019 | 24 Meith. 2020 | 30 Meith. 2020 | 17 Iúil 2020 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 2019 | 29 Meith. 2020 | 14 Iúil 2020 | 25 Lún 2020 |
| An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | 2019 | 24 Nollaig 2020 | 12 Ean. 2021 | 21 Ean. 2021 |
| An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 2019 | 10 Iúil 2020 | 24 Iúil 2020 | 28 Iúil 2020 |
| An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 2019 | 4 Meith. 2020 | 30 Meith. 2020 | 29 Iúil 2020 |
| Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | 2019 | 15 Meith. 2020 | 16 Meith. 2020 | 22 Meith. 2020 |
| IdirThrádáil Éireann | 2019 | 11 Nollaig 2020 | 11 Márta 2021 | — |